Ba é an dúshlán ba mhó a thug an Coimisiún aghaidh air i rith na bliana ná tús a chur le scrúdú cuimsitheach ar a chur chuige i leith rialú táillí aerfort i gcomhthéacs achtú an Achta um Aerfort Stáit, 2004. Leanfaidh an scrúdú seo i 2005 agus caithfidh críoch a bheith curtha leis faoi 1 Deireadh Fómhair ar a dheireannaí trí chinneadh nua a dhéanamh maidir le táillí ag aerfort Bhaile Átha Cliath.

Gan saineolas, gairmiúlacht agus dícheallacht fhoireann an Choimisiúin, ní fhéadfadh an Coimisiún na héachtanna i 2004 a bhaint amach, agus ba mhaith liom cuntas a thabhairt in athuair ar mo bhuíochas díobh uile as ucht Clár Oibre an Choimisiúin a chur i gcrích i 2004. Ba mhaith liom, freisin, buíochas a ghabháil leis an mórchuid daoine agus eagraíochtaí a chuir le hobair an Choimisiúin i rith na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na hAirí Seamus Brennan, TD, agus Martin Cullen, TD, agus oifigigh na Roinne Iompair as ucht a gcuid tacaíochta i rith 2004.

William Prasifka

Coimisinéir

30 Márta 2005.

Athbhreithniú de réir réimse reachtúil/feidhmiúil

Táillí Aerfort

Athbhreithniú Dlithiúil ar Chinneadh an Choimisiúin i leith Táillí Aerfort

Cúlra

Sheachaid an Chúirt Uachtarach Breithiúntas ar 3 Aibreán 2003 maidir leis an dúshlán a thug Aer Rianta (ar a dtugtar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ó 1/10/04 - ÚABÁC thíos) mar Athbhreithniú Dlithiúil. Dhiúltaigh an Chúirt do na hargointí a chuir ÚABÁC ar aghaidh i leith gach ceist a tarraingíodh anuas i rith an phlé dlí, agus rinneadh ordú freisin le cúiteamh a dhámhachtain ar an gCoimisiún. D'iarr ÚABÁC cead cur isteach ar achomharc don Ardchúirt agus tugadh éisteacht don achomharc ar 4 Meitheamh 2003. Dhiúltaigh an Chúirt do thrí chinn den cheithre chúinse achomhairc a mhol ÚABÁC agus níor tfolacadh cead dul ar aghaidh ach ar chúinse amháin, gur tharraing sí anuas ceist de thábhacht eisceachtúil phoiblí. Toisc nár bhain ÚABÁC amach an tOrdú a chuir breithiúntas na Cúirte Uachtaraí i gcrích go ceann tamaill fada, ní raibh aon chor eile sa sceal i rith 2003.

Gníomhaíocht i 2004

Cuireadh Ordú Cúirte na Cúirte Uachtaraí i gcrích i dtús mí Eanáir 2004 agus chuir ÚABÁC isteach Fógra Achomhairc ar 30 Eanáir 2004. Ní raibh an Fógra Achomhairc a cuireadh isteach, áfach, teoranta go dtí aon chúinse amháin ar a ceadáíodh achomharc, ach rinneadh iarracht na bunchúinsí ar fad a cheadú chomh maith le hiarratas a dhéanamh chun na Cúirte costais an Choimisiúin a chur ar ceal. Toisc an cor seo sa cheist, agus mar fhreagra air, chuir an Coimisiún Fógra Rúin isteach chuig an Ard-Chúirt, ag iarraidh ar an gCúirt an t-achomharc a theorannú go dtí aon chúinse ceadaithe amháin. Ar 30 Aibreán 2004, iarradh ar an Ard-Chúirt dáta a chinneadh d'éisteacht Rún an Choimisiúin agus socraíodh 11 Deireadh Fomhair 2004 mar an dáta infhaighte ba luaithe. Díreach roimh an dáta sin, chuir ÚABÁC in iúl gur theastaigh uatha teacht ar réiteach an cháis lasmuigh den chúirt. Ar 7 Deireadh Fomhair 2004 baineadh amach comhaontú idir na páirtithe, mar atá, foráil go n-éireófaí as an gcúis Cúirte Uachtaraí agus go mbainfeadh an Coimisiún amach a chuid costas i leith na hArdchúirte, a chinnteofar tríd an ghnáthamh Fómhaise, ceal comhaontaithe. Táthar ag fanacht ar shoiléiriú ar dhearcadh ÚABÁC maidir le comhaontú nó a mhalairt ar chostas an Choimisiúin.

Athbhreithniú

Cuireadh tús le hAthbhreithniú ar shocrú an Choimisiúin ar uasteorannú phraghasanna na n-aerfort in Aibreán 2003. I Samhain 2003 foilsíodh fógra ar na ceistanna a bhí le bheith faoi chaibidil, agus lorgaíodh aighneachtaí ó phairtithe leasmhara agus ón bpobal. D'fhoilsíodh na haighneachtaí ar láithreán gréasáin an Choimisiúin i Nollaig 2003.

Gníomhaireach i rith 2004

I rith thús mhíonna 2004, rinne an Coimisiún meastúchán curamach ar na léirithe a fuarthas agus rinneadh mórchuid ainilise breise. Ar 26 Márta 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar dar teideal "Review of Determination of Maximum Levels of Airport Charges and Report" (CP2/2004)¹. Sa pháipéar seo, bhí socrú leasaithe ar uasteorannú na bpraghasanna (luaite ar bhonn bliana feilire) don tréimhse Eanáir 2004 go Meán Fómhair 2006). I measc na bhfactóirí seactracha a bhí ag oibriú ar athrú na socraithe uasteorannú praghasanna bhí leibhéil tráchta maolaithe agus costais slándála agus árachais méadaithe (tar éis foghanna 11 Mhéain Fhómhair, 2001), an t-eolas a fuarthas tar éis don Chinneadh a bheith déanta (agus sonraí i leith tréimhsí úsáideacha sochmhainní agus cánachas san áireamh); agus athrú ar shlonn matamaiticiúil na foirmle rialúchána praghasanna ionnas nach n-aisfhillfí aon ró-bhailiúcháin táillí aerfort i mbliain amháin ach uair amháin.

Cinneadh Nua le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath de réir Achta um Aerfoirt an Stáit, 2004.

Reachtaigh an tOireachtas an tAcht um Aerfoirt an Stáit, 2004 ar 24 Iúil, 2004. Éilíonn sé seo ar an gCoimisiún Cinneadh nua a dhéanamh i dtoabh uasmhéid na dtáillí Aerfort ag Aerfort Bhaile Átha Cliath amháin, a luaite agus is féidir agus roimh 1 Deireadh Fómhair 2005 ar a dhéanaí. Mhaolaigh an tAcht an tAcht um Rialáil Eitlíochta, 2001 i méid áirithe slí, go háirithe maidir leis na cuspóirí rialúcháin a bhí socraithe don choimisiún agus na factóirí "togaint san áireamh cuí" gaolmhara.

Ar 1 Deireadh Fómhair 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar (CP6/2004) ag leagan amach an phróiseis faoin a raibh rún aige Cinneadh nua a dhéanamh. Ag an am céanna, sheol sé próiseas nua comhairleathach (leagtha amach i CP7/2004) trí iarradh ar pháirtithe leasmhara tuairimí a chur faoina bhráid maidir leis an gciall ar cheart don choimisiún a bhaint as a mhandáid leasaithe.

Chun an plé sin a fhaisnéisiú agus a spreagadh, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar a a bhí údaraithe aige ó na comhairleoirí neamhspleácha DotEcon, ar impleachtaí díchumaisc Aer Rianta mar a bhí, agus an athstruchtúru airgeadais a lean é, i leith rialúcháin táillí aerfort. Thug an coimisiún faoi dhá staidéar i leith Aerfort Bhaile Átha cliath friesin. Bhain siad seo le:

- (i) toilleadh
- (ii) éifeacht oibriúchána Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Tá an dá thionscnamh ar siúl, agus táthar ag súil go leanfaidh foilsíúcháin na dtuarascáil a thiofadh astu i rith 2005.

Fuair an Coimisiún moltaí ó pháirtithe leasmhara agus cuireadh ar an láithreán gréasáin iad ar 18 deireadh Fómhair 2004

Ar 12 Nollaig 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún a chonclúidí féin maidir le tionchar na n-athruithe sa reachtaíocht ar chinneadh nua a dhéanamh (CP9/2004).

¹ Ar fáil, maraon le páipéirí eile uile an Choimisiúin, ar a láithreán gréasáin, www.aviationreg.ie

Tionscnaimh eile a cuireadh i gcrích i rith na bliana

Cláir leis na Socraithe Uasteorannú Praghasanna

Lorg agus fuair an Coimisiún mionfháisnéis ón ÚABÁC a dheimhnigh gur cláíodh le Sochair Uasteorannaithe Praghasanna Aerfoirt a dhein an Coimisiún. Cuireadh an fhaisnéis airgeadais agus paisinéara a fuarthas, maraon le conclúidí an Choimisiúin, i láthair i bpáipéirí CP1/2004 agus CP10/2004 den Choimisiún. Comhaontaíodh formáid tuarascála leasaithe agus níos iomláine le ÓABÁC freisin.

Léirithe Seactracha

I rith 2004, ghlac foireann an Chomisiúin le roinnt cuirí chun léirithe a dhéanamh ar rialúcháin aerfort don Údarás Iomaíochta, Ranna na hEacnamaíochta i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus OÉ Maigh Nuad, don Ghrúpa Iomaíochta agus Rialaithe, do Chumann Taighde Eitlíochta na Gearmáine agus do Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort.

Clár Oibre do 2005

Déanfaidh an Coimisiún

- cinneadh nua ar Uasmhéid Táillí Aerfort faoi mhandáid leasaithe an Achta um Aerfort Stáit, 2004 roimh 1 Deireadh Fómhair 2005, agus
- meastúcháin ar ghéilliúlacht Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath le Cinneadh 2004.

Táillí Seirbhísí Terminéil Eitlíochta

Athbhreithniú

Faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tá comhlacht roghnach ag an gCoimisiún athbhreithniú ar uasteorannú praghasanna an ÚEE a stiúradh má shíleann sé go bhfuil cúinsí troma le déanamh, ar nó tar éis tréimhse dhá bhliain a bheith caite tar éis déanta an bhunchinnidh, dar dáta 26 Feabhra 2002.

D'fhógair an Coimisiún ar 8 Aibreán go raibh socraithe aige athbhreithniú a stiúradh ar bhonn na cúinse troime earráid a bheith san fhoirmle rialála. Mar atá sainnithe i gCinneadh Feabhra 2002, bhí mar ghné ná rabhtas ag súil leis den fhoirmle uasteorannú praghasanna go raibh mar éifeacht leis go bhféadfadh go gcuirfí san áireamh aon fhobhailiú nó róbhailiú ioncaim maidir leis an Uasteorannú Praghasanna a fáil ar ais nó a aisíoc in athuir. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar an bhfoirmle chun a chinntiú nach ndéanfaí an ceartú riachtanach ach aon uair amháin. Lorgaíodh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal agus léiríodh an t-aon aighneacht amháin a fuarthas ar láithreán gréasáin an Choimisiúin. Tar eis na haighneachta sin a mheas, d'eisigh an Coimisiún Cinneadh leasaithe agus Tuarascáil (CP4/2004) ar 29 Iúil 2004, a leag amach an leasú ar an gCinneadh (chun an erráid a cheartú) agus na fáthanna leis.

Cláí leis an Uasteorannú Praghasanna

Chun a dheimhniú gur cláíodh leis an Uasteorannú Praghasanna um Seirbhísí Teirminéal Eitlíochta a shocraigh an Coimisiún, d'iarr an Coimisiún faisnéis maidir le hUasmhéachan Eirí de Thalamh agus táillí na Seirbhísí Teirminéal Eitlíochta a ghearrtar ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionnaine. Sholáthraigh Udarás Eitlíochta na hÉireann an fhaisnéis a lorgaíodh agus bhí an Coimisiún ábalta a dheimhniú go rabhtas ag tabhairt airde ar an uasteorannú praghasanna.

Clár Oibre do 2005

Déanfaidh an Coimisiún

- leanúint le géilleadh Údaráis Eitlíochta Éireann do na Cinntí Uasteorannú Praghasanna a mheas, agus
- iniúchadh ar fhéidearacht athliniú a dhéanamh ar an mbliain rialúcháin agus an bhliain féilire ar mhaithe le héascaíocht tuarascála.

Ceadunú agus Ceadaithe

Ceadaithe Láimhsithe-ar-Talamh

Ag tús 2004, bhí 23 láimhseoirí as féin ceadaithe² agus 37 soláthraithe seirbhíse láimhsithe-ar-talamh ceadaithe (nó láimhseoirí treas-pháirtí³) ag oibriú idir aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionna. Den 23 láimhseoirí as féin ceadaithe, bhí 6 ceadaithe freisin le seirbhíse a sholáthar le treas-pháirtithe. Dheonaigh an Coimisiún ceadú láimhsithe amháin as féin agus 4 cheadú láimhsithe treas-pháirtí i rith 2004.

I rith 2004, scar aer-iompróir amháin go deonach lena cheadú láimhsithe as féin tar éis a oibriúcháin a chosc. Maidir le ceadaithe a bhí á leanúint ag soláthraithe seirbhíse láimhsithe-ar-talamh, ghéill comhlacht láimhsithe-ar-talamh amháin a cheadú go deonach tar éis cinneadh gan feidhmiú a thuilleadh sa mhargadh agus eisíodh ceadú nua do comhlacht eile chun go mbeadh an t-ainm ar an doiciméad ceadaithe aithlínithe le hainm dleathach an chomhlachta a sholáthraíonn an tseirbhís. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar ghíomhaíochtaí an chomhlachta seo freisin, ar iarratas sealbhóir ceadaithe treas-pháirtí agus rinneadh cinneadh a chiallaigh go silfí leis an gcomhlacht nach riachtanais dó ceadú a lorg a thuilleadh. Ag deireadh 2004, bhí 23 láimhsíú as féin ceadaithe agus 38 láimhsíú-ar-talamh treas-pháirtí ceadaithe ag oibriú idir aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionnainne.

Ar mhaithe le deachleachtais riálála, agus ag géilleadh do na Rialacháin ábhartha, cintíonn an Coimisiún go gcuirfear isteach faisnéis airgeadais ceart ar láimhseoirí-ar-talamh ceadaithe ar bhonn bliantúil. Maidir le comhlachtaí láimhsithe-ar-talamh ag soláthar seirbhíse le treas-pháirtithe, éilíonn reachtaíocht go gcuirfear isteach cuntais scartha chuig an gcoimisiún. Eilíonn an coimisiún freisin go gcuirfear isteach sonraí árachais leasaithe ag láimhseoirí-ar-talamh ar bhonn bliantúil. I rith 2004, stiúir an Coimisiún (ag comhoibriú le ÚABÁC) athbhreithniú ar an bpróiseas iarratais atá ceaptha le haghaidh Láimhsithe-ar-Talamh san dá eagrais. Tá an plé seo ar siúl fós d'fhonn cur chuige níos sruthlíní a bheith ann i leith an phróiseis ceadaithe, a bheidh mar mhacasamhail ar rólanna an údarais aerfoirt agus an Choimisiúin araon.

Táillí Rochtana ar Bhunáiteanna Aerfoirt

De réir Treoraigh 97/67EC de chomhairle AÉ, mar atá aistriú mar Ionstraim reachtúil 505 de 1998, dar teideal "European Communities (Access to the Groundhandling Market at Community Airports) Regulations, 1998", tá de cheart ag údarás aerfoirt táillí a ghearradh ar rochtain ar bhunáiteanna aerfoirt a dheontar le soláthraithe seirbhíse láimhsithe-ar-talamh ag na haerfoirt Stáit. Más é cinneadh an údarais aerfoirt táillí a ghearradh, ní foláir don údarás iarratas an táille molta a fhaomhadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin roimh ré, de réir na gcritéar atá luaite san Ionstraim Reachtúil.

² Tá sé de rogha ag aerlíne a sheirbhíse láimhsithe-ar-talamh féin a sholáthar (láimhsíú as féin).

³ Féadfaidh aerlíne conradh a thionscnamh le comhlacht eile le haghaidh soláthar seirbhíse láimhsithe-ar-talamh (láimhsíú treas-pháirtí), pé acu aerlíne eile nó comhlacht láimhsithe-ar-talamh dílis.

Bhí táillí ar chíos deasc cláraithe leagtha go coitianta ag aerfoirt an Stáit in Éirinn sular rinneadh an Cinneadh agus an I.R. Mhéadaigh ÚABÁC na táillí sin agus mórchuid catagóirí eile táille, mar thús in Eanáir 2001.

Tar éis soiléirithe ag cinneadh de chuid Cúirte Cirte na hEorpa i 2003, gur shampla de “bhunáit aerfoirt” é deasc cláraithe, fuair an coimisiún iarratas i mí Iúil 2004 ó ÚABÁC le haghaidh faofa ar struchtúr táille in aghaidh na bliana agus in aghaidh na huair maidir le cíos deasc cláraithe ag na trí aerfort Stáit, chomh maith le hiarratas faofa ar tháille chun úsáide TCCÚ (Trealamh Teirminéil Comh-Úsáideora) ag aerfort na Sionnainne. Rinne an coimisiún anailís ar mholtaí ÚABÁC agus na sonraí airgeadais a chuir taca faoi, agus, ar mhaithe le follasacht agus sárchleachtas, d’iarr an Coimisiún tuairimí an tionscail ina pháipéar comhairliúcháin CP5/2004 a d’eisíodh ar 17 Lúnasa 2004.

Fuarthas ocht molta agus foilsíodh ar latháir idirlín an Choimisiúin de reir gnáthchleachtas. Tar éis machnamh ar na tuairimí a fuarthas agus tar éis anailís a dhéanamh ar an iarratas faofa de réir na gritéar atá sainnithe sa reachtaíocht, d’fhoilsigh an Coimisiún é a chinneadh mar Pháipéar Coimisiúin CP8/2004 ar 6 Deireadh Fómhair 2004. Ba é cinneadh an Choimisiúin, mar atá leagtha amach sa doiciméad sin, ÚABÁC a fhaomhadh ó dháta an Chinnidh ar aghaidh chun táille in aghaidh na bliana agus na huair i leith cíosa deasc cláraithe ag na trí aerfort Stáit ar fad agus chomh maith leis sin, d’fhaomhaigh sé fiacha i leith úsáid na háise TCCÚ ag aerfort na Sionna mar tháille ar gach paisinéar ag dul ar bord. Soláthraíodh, freisin, go mbeadh cead ag ÚABÁC táille an deasc chláráithe a mhéadú de reir an bholgtha mar atá ag tús 1 Iúil gach bliain.

Mar chuid den chinneadh, leag an coimisiún síos go n-éilíodh sé idirbheartaíocht shubstaintiúil ag ÚABÁC le Coiste na nÚsáideoirí Aerfort, nó grúpa eile ábhartha, sula ndéanfaí cinneadh ar aon iarratas amach anseo ar fhaomhadh táillí. Próiseas comhairleathach anásta fadálach a sheachaint atá i gceist leis an bpróiseas seo.

Toisc an chritéir san I.R. gur gá faomhadh ón gCoimisiún roimh ré i leith táillí rochtana, bhí éifeacht ó dháta reatha leis an bhfaomhadh ón gCoimisiún do ÚABÁC i mí Deireadh Fómhair seo chaite, mar atá ráite thuas. Tá ÚABÁC tar éis faomhadh siarghábhálach a iarraidh, ag dul siar go 1 Eanáir 2001 i leith na dtáillí a gearradh ón dtréimhse sin go Deireadh Fómhair 2004. Tá an cheist seo, arb í a croí éifeacht reachtúil agus míniú, faoi mheas gníomhach ag an gcoimisiún agus déanfar cinneadh go luath i 2005.

Achoimre ar Ghníomhaíocht Ceadúnasaithe

Ceadaithe láimhsithe-ar-talamh	Deireadh 2003	Deireadh 2004
Láimhsitheoirí as féin	23	23
Láimhsitheoirí treas-pháirtí	37	38

Clár Oibre do 2005

Déanfaidh an Coimisiún

- leanúint ar aghaidh lena fheidhmeanna i leith ceadúnasaithe agus monatóireachta ar chomlachtoí Láimsithe-ar-Talamh agus
- leanúint de mhonatóireacht ar fhoráis ag leibhéal na hEorpa maidir leis an athbhreithniú ar Threorach na Comhairle 96/07/AÉ.

Freisin

- Tá 18 gceadú láimhsithe-ar-talamh le dul as feidhm i rith 2005. tá Foirm Athnuachana deartha ag an gcoimisiún a chuirfear ar aghaidh mar is cúí chuig na comhluchtaí ábhartha i rith na bliana.

Ceadúnasú Aer-iompróraí

Ar 1 Eanáir 2004, bhí 18 aer-iompróirí ceadúnaithe cláraithe in Éirinn. I rith 2004, d'éisigh an Coimisiún Ceadúnais Oibrithe Aer-Iompróra dhá oibreoir nua. Thug dhá oibreoir ceadúnaithe suas a gCeadúnais Oibrithe Aer-Iompróra go deonach, áfach, ar chur a gcuid oibriú ar fionraí. D'iarr an Coimisiún ar oibreoir ceadúnaithe eile a Cheadúnas Oibrithe a thabhairt suas tar éis a chuid aerárthach ar fad a bheith bainte dá Theastas Aer-Oibrithe (TAO) agus an comhlacht fágtha gan aerárthach ar bith faoin a réir, agus é, mar sin, ag sárú na reachtaíochta ábhartha sa réimse seo.

Ag deireadh 2004, bhí 17 aerlíne Eireannach ceadúnaithe. Den 17 aeriompróirí Eireannach ceadúnaithe, choinnigh 9 ceadúnas den Chatagóir A⁴. Choinnigh an 8 eile ceadúnais de Chatagóir B⁵.

Éilíonn an reachtaíocht sa réimse seo go mbeadh ceadúnas oibrithe faoi réir athbhreithnithe faoi cheann bliana tar éis a dheonaithe, agus faoi cheann gach cúig bliain ina dhiaidh sin. Cuireadh i gcrích athbhreithniú “bliain a haon” ar dhá chomhlacht a shealbhaigh Ceadúnais Oibrithe Aer-Iompróra. Chomh maith le sin, d'éilíodh ar chúig chomhlacht ag sealbhú Ceadúnais Oibriú Aer-Iompróra a bheith páirteach in athbhreithniú ceadúnais chúig-bliain. Ba é an toradh a bhí leis na hathbhreithnithe ar fad ná coinneáil an Cheadúnais Oibrithe Aer-Iompróra ábhartha.

Mar a éilíonn reachtaíocht, lean an Coimisiún de mhonatóireacht staid airgeadais na n-aer-iompróirí ceadúnaithe i rith na bliana. Rinneadh monatóireacht freisin ar dhíon árachais, ar úinéaireacht agus ar shonraí stiúradh chun géilleadh na gcomhlacht don reachtaíocht abhártha sa réimse seo a dheimhniú.

4 Tá cead ag sealbhóirí ceadúnais catagóir A paisnéirí, lasta nó post a iompar ar aerárthaigh le 20 nó níos mó suíochán.

5 Ceadaithe chun paisnéirí, lasta agus/nó post ar aerárthaigh le níos lú ná 20 suíochán agus/nó de mheáchan faoi 10 tonna UEDT (uasmhéachain éirí-de-thalamh).

Achoimre ar Ghníomhhaíocht Ceadúnasaithe

Ceadúnais Oibrithe Aer-Iompróra	Deireadh 2003	Deireadh 2004
Catagóir A	11	9
Catagóir B	7	8
Iomlán	18	17

Clár Oibre do 2005

Leanfaidh an Coimisiún

- de dheimhniú go gcuirfidh gach aer-iompróir ceadúnasaithe isteach sonraí airgeadais agus árachais cearta ar bhonn bliantúil, de réir reachtaíochta,
- de thógaint de láimh pé freagrachtaí a n-aistrítear chuige ag an Roinn Iompair, ar fhoilsiú rialacháin (AÉ) Uimh. 785/2004 ar éilimh árachais i leith aer-iompróirí agus oibreoírí aerárthaigh.
- de mhonatóireacht ar chúrsaí maidir le hathbhreithniú Choimisiún na hEorpa ar bheartanna an Tríú Phacáiste i leith aerloingseoireachta, agus

Chomh maith

- Tá Ceadúnais Oibrithe i seilbh sé ghnólacht le hathbhreithniú.

Ceadúnasú an Tionscail Taistil

Ar 31 Nollaig 2004 ba é 406 cheann suim iomlán na ngnólacht ceadúnaithe le taisteal a dhíol as Poblacht na hÉireann. Cuimsíonn an uimhir seo 333 gníomhairí taistil agus 73 tionscnóirí turas.

I rith 2004, scoir 17 ngníomhaire taistil and 11 tionscnóir turais de thrádáil a dhéanamh. Sa tréimhse cheanna afách, deonaíodh 20 ceadúnas gníomhaire taistil agus ocht gceadúnas tionscnóir turais chuig gnólachtaí a bhí díreach tagaithe ar an margadh in Éirinn.

Tarraingíodh anuas bannaí i gcás dhá ghníomhaire taistil agus tionscnóir turais amháin, nach raibh in ann a ngeallta airgeadais lena gcustaiméirí a ghlanadh, mar a éilítear faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982

Ba iad na gníomhairí taistil a bhí i gceist ná

Castaway Travel Limited, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí agus

Blackrock Tours and Travel Limited, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

Ba é an tionscnóir turais

JetGreen Airways Limited, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath.

Próiseáladh os cionn 1,600 éileamh ar bhannaí na ngnólacht seo.

Tá fiosrú déanta ag an gCoimisiún i leith na líomhaintí trádála mí-dhleathacha ar fad agus rinne sé iarracht lán-ghéilleadh a thabhairt i gcrích.

Fuarthas trí ghnólacht ciontach ar chúiseanna trádála mí-dhleathacha tar éis fiosraithe ag an gCoimisiún.

Tá sé á mheas go mbeadh gá le táillí ceadúnais a mhéadú go luath. Níor méadaíodh na táillí ó 1995.

Bliain	An Méid Ceadúnais	Gníomhairí Taistil	Tionscnóirí Turais
2003	421	77	344
2004	409	76	333

Clár Oibre do 2005

Déanfaidh an Coimisiún

- leanúint den obair ar phróiseáil iarratas nua agus athnuachan na gceadanna atá ann, agus críoch a chur le héilimh ar bhannaí a tarraingíodh aníos i rith 2004, agus
- leanúint d'acmhainn a dháileadh ar fhiosrú trádála mí-dhleathacha.

Spásanna a Leithdháileadh

Cúlra reachtúil

De réir an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001, is é an coimisiún an tÚdarás eifeachtach in Éirinn le haghaidh gnó Rialacháin na Comhairle (CEE) i leith Comhrialacha um Spásanna a Leithdháileadh ag aerfoirt an Chomhphobail.

De réir na reachtaíochta seo socraíonn an Coimisiún stádas comhordaithe na n-aerfort Éireannach agus ceapann comhordaitheoir ar aerfoirt ainmnithe. Tá curtha go sainiúil ó chumas an Choimisiúin féin feidhm an chomhordaithe a dhéanamh.

Cursaí reachtaíochta i 2004

Ar 30 Iúil 2004, leasaíodh Riail 95/93 trí theacht in éifeacht Riail 793/04. Ba iad na fáthanna leis an Riail a leasú ná:

- sainmhínte atá cuimsithe i 95/93 a dhéanamh níos soiléire,
- neamhspleáchas na gcomhordaithe a threisiú, agus
- soláthar do ghníomhiú sa chás go mbaintear mí-úsáid as spásanna.

Ar mhaithe le soiléire, macasamhail den téarmaíocht a tugadh isteach faoi Riail 93/04 atá i dtéarmaíocht na Tuarascála seo.

Aerfoirt ainmnithe in Éirinn

Ainmníodh Aerfort Bhaile Átha Cliath ina aerfort sceidil-éascaithe i 200, agus faoi láthair, is é an t-aon aerfort sceidil-éascaithe in Éirinn é. Is é an t-aerfort neamhchomhordaithe is mó san Eoraip freisin é. Cheap an tAire comhordaitheoir, mar atá, Airport Coordination Limited (ACL), ag an am sin, agus d'athcheapadh ACL ar feadh tréimhse trí bliana eile dar críoch Márta 2005.

Iarratas ar athrú ar an ainmniú reatha

Mar fhreagra ar iarratas ón ÚBÁC go n-ainmneofaí Aerfort Bhaile Átha Cliath mar aerfort comhordaithe, chuir an Coimisiún Alan Stratford and Associates i mbun measúnaithe ar thoilleadh Aerfoirt Bhaile Átha Cliath mar a éilítear faoi Riail 95/93. Tar éis dul i gcomhairle fairsing leis na páirtithe leasmhara ar fad, chinn an coimisiún in Deireadh Fómhair 2004 nár aithníodh san anailís toillte

aon mhórfhadhb sa toilleadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus nach raibh aon bhunús le hainmniú an aerfoirt mar aerfort comhordaithe. Chinn an Coimisiún, áfach, an cheist a choimeád faoi athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht leanúnach na socraithe reatha, ag cur san áireamh

- (a) coranna sa trácht tras-Atlantach agus
- (b) a mhéid is atá comhoibriú ann leis na socraithe deonacha reatha.

Ceangal leis an gcomhordaitheoir

Leanann an Coimisiún de bheith i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir i leith réimse leathan ábhar agus faigheann coimrí treorach scríofa in aghaidh na míosa ar an leibhéal comhoibríthe a thugann aerlínte. Tugann an Coimisiún faoi deara comhlíonadh rathúil tasca atá ag éirí níos deacra in aghaidh an lae.

Socraithe comhordaithe don todhchaí

Mar atá ráite lasthuas, tagann tréimhse ceaptha an chomhordaitheora reatha chun deiridh i Márta 2005. Chinn an Coimisiún ar indéantacht an chonartha reatha a shíneadh ar feadh neas-tréimhse de dhá mhí. Tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus páirtithe leasmhara eile, agus teacht ar chomhaontú, d'iarr an coimisiún moltaí ó ACL le haghaidh síneadh an chonradh ar feadh tréimhse bliana. Thug ACL freagairt dearfa agus mhol coinníollacha a bhí inglactha i bprionsabal. Léirigh na coinníollacha a táirgeadh an leibhéal méadaithe gníomhaíochta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chomh casta is a bhí comhordú éifeachtach an aerfoirt. Chomh maith leis sin, riarann siad do mhinicíocht méadaithe cuairt ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ag pearsanra ACL ⁶.

Clár Oibre do 2005

I 2005 déanfaidh an Coimisiún

- socraithe a chríochnú a chinnteoidh comhordú Aerfort Bhaile Átha Cliath go Márta 2006,
- leanúint le monatóireacht éifeachtach na socraithe comhordaithe reatha, agus an leibhéal comhoibríthe leis an gcomhordaitheoir ag aerlínte ag feidhmiú chuig agus ó Aerfort Bhaile Átha Cliath, go háirithe, agus
- leanúint de mhonatóireacht na coranna rialúcháin ag leibhéal an AE, chomh fada is a éilíonn a thearmaí tagartha reachtúla.

⁶ Ar mhaithe le srianú costas, agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún agus páirtithe leasmhara eile, ní choimeádan ACL oifigi ná foireann in Éirinn. Is féidir an ghníomhaireacht comhordaithe a chian-riaradh ón R.A., agus cuairteanna rialta ag tacú leis.

Athbhreithniú ar Oibleagáidí Dleathacha agus Riarthacha.

Treoracha de réir Cuid 10 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001.

De réir cuid 10 den Acht seo, féadfaidh an tAire pé treoir polasaí ginearálta a shíltear is cuí a thabhairt don Choimisiún agus géillfidh an Coimisiún lena leithéid.

Níor eisíodh aon treoir dá leithéid don choimisiún i 2004.

Pearsanra

Baill foirne a earcaíodh go díreach agus baill ar iasacht ón Roinn Iompair i gcoibhneas isteach is amach le 50:50 atá mar bhaill foirne don choimisiún.

I 2004, rinne an Coimisiún athnuachan ar a iarratas ar an Roinn Iompair chun cead foireann breise a earcú chun go mbeadh sé ar a chumas a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Lean an Roinn de ghan a bheith in ann na postanna a iarradh a cheadú ach chuir in iúl go ndéanfaí athbhreithniú ar staid an Choimisiúin i gcomhthéacs athbhreithnithe ar an líon foirne in eagrais neamh-tráchtála faoi choimirce na Roinne. Bhíothas ag súil go mbeadh an deis ann, ar chríochnú an athbhreithnithe sin, chur chuig fadhbanna earcaíochta foirne an Choimisiúin.

Mar ag 31 Nollaig 2004, áiríodh ar fhoireann an Choimisiúin 8 ar iasacht ón Roinn Iompair, 9 mball fóirne buan fostaithe ag an gcoimisiún, agus triúr bhall fóirne sealadach gearr-théarmach.

Aoisliúntas

Tá an Coimisiún fós ag feitheamh ar cheadú ón Aire ar dhréacht-scéimeanna aoisliúntais a cuireadh faoina bhráid in Iúil 2004.

Ar feitheamh ceadaithe na scéimeanna ábhartha, oibríonn an Coimisiún scéimeanna sealadacha a fuair ceadú os na Coimisinéirí Ioncaim agus a dhéanann soláthar ar shochair atá ionchurtha go beacht leis na scéimeanna ábhartha mar a cuireadh isteach iad.

Mar ag 31 Nollaig 2004, bhí na scéimeanna uile lán-mhaonithe.

Coinneál Comhairleoirí

Tá se de chumhacht ag an gCoimisiún faoi Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, pé comhairleoirí agus lucht faisnéise a cheaptar a bheith riachtanach chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

I rith 2004, choinnigh an Coimisiún comhairleoirí/lucht faisnéise chun cúnamh a thabhairt le rialú táillí aerfort, leis an gcinneadh nua táillí aerfort mar a éilítear faoin Acht um Aerfoirt Stáit, 2004 agus le críoch a chur le anailís toillte ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Choinnigh an Coimisiún tacaíocht sheachtrach freisin chun cúnamh a thabhairt le caidreamh na meán cumarsáide agus le coinneáil eagair/taca le Corais TF. Agus amhlaidh le réamh-bhlíonta, lean an Coimisiún leis an bpolasaí féachaint lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go hoscailte, go follasach agus go hionsroichte. Cuireadh gach doiciméad a bhí ar fáil don phobal ar shuíomh idirlín an Choimisiúin ar dtús agus bhí cóipeanna crua ar fáil ar iarratas..

I 2004 rinne an Coimisiún méadú agus maolú breise ar a láithreán gréasáin chun rochtain an phobail agus páirtithe leasmhara eile ar shonraí a iarrtar go minic, go háirithe i gcúrsaí ceadúnasaithe, a éascú.

Oibleagáidí Riaracháin

Cur i bhfeidhm Cóid Chleachtais um Rialú comhlachtaí Stáit.

I 2001, d'éisigh an roinn Airgeadais treoirlínte leasaithe um Rialú Comhlachtaí Stáit. Glacadh leis, áfach, sa doiciméad sin, gur féidir nach mbeidh gnéithe áirithe de na treoirlínte sin cuí nó iomlán ábhartha chun comhlacht rialúcháin Stáit mar an Coimisiún. Airíonn an coimisiún an gá le feidhmiú de réir an chaighdeáin is airde de rialaíocht chorparáideach agus cuirtear i bhfeidhm gach gné de na treoirlínte seo a bhaineann le scála agus nádúr feidhmithe an Choimisiúin.

Ag géilleadh d'éileamh na dtreoirlínte sin, tuairiscíonn an coimisiún mar a leanas: -

Códanna iompraíochta do Stiúrthóirí agus Fostaithe

Níl aon Stiúrthóirí ar an gCoimisiún. Cuireadh cód iompair i bhfeidhm i leith foireann uile an Chóimisiúin agus áirítear é mar choinníoll fostaithe conraitheach. Cuimsíonn tearmaí an chóid iompair iad siúd atá sannaithe sna Treoirlínte agus a bhfuil aontaithe ag an Roinn mar chuid de na téarmaí agus na coinníollacha fostaithe.

Rialtar bail foirne ar iasacht mar a éilíonn Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse. Déanfar iniúchadh i 2005 ar chóid reatha na mball foirne fostaithe d'fhonn a chinntiú go leanfaidh sé de bheith ag cloí le sárchleachtas agus leis na normanna sin a éilítear ar státseirbhísigh araon.

Soláthar

Claíonn rialacha imeachta soláthar sa Choimisiún leo siúd atá sainnithe sna treoirlínte náisiúnta reatha, agus, nuair is cuí, le treorach soláthair an AE. De bharr nádúir agus scála a leithéid de riachtanais comhairliúcháin agus comhairleoireachta, is iondúil go mbíonn na conarthaí i leith suim a dtiteann a mbronnta faoi threoirlínte náisiúnta.

Diúscairt sócmhainní ar lucht treas-pháirtí

Níor dhiúscaíodh aon sóimhainn i 2004.

Fochomhluchtaí a bhunú agus eadálacha a fháil

Níor bunaíodh ná níor rinneadh aon fhochomhlacht i rith 2004.

Ilchineálú

Níor rinne an Coimisiún aon mholadh ilchineálaithe leis an aire i rith 2004.

Measúnú infheistíochta

Níor rinne an coimisiún aon mholadh caiteachas caipiteal tráchtála i rith 2004, seachas gnáth-sealbhu nó malartú treallamh TF agus oifige.

Íocaíocht agus Táillí Stiúrthóirí

Socraítear íocaíocht an Choimisinéara tríd na Comhairle Athbhreithne um Ard-íocaíocht san Earnáil Phoiblí agus ní bhaineann socrú an leibhéil sin leis an gCoimisiún. Níl táille breise iníoctha mar bharr ar an íocaíocht sin.

Socraítear leibhéil tuarastail fhoireann an Choimisiúin go lárnach, agus ní déantar athruithe, seachas méadaithe bliantúla mar is infheidhme, ach le cead na nAirí iompair agus Airgeadais. Níl táillí, seachas tuarastal, iníoctha le foireann an Choimisiúin.

Mar nach bhfuil Bord ar an gcoimisiún, níl aon Stiúrthóirí ann. Mar sin, níl íocaíocht táillí Stiúrthóra i gceist.

Socraithe um thuirisciú airgeadais

Déanann an Coimisiún tuairisciú leis an Aire agus an Roinn mar is cúf. Tá coras inmheánach lán-fhorbartha ag an gCoimisiún, coras a sholáthraíonn sain-tuirisciú bainistiú agus airgeadais míosúla chuig cinn na bhfeidhmeanna. Tá an coimisiún faoi reir iniúctha ag an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste.

Pleanáil Straitéise agus Chorparáideach

Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an choimisiúin leagtha amach i bhfoirm reachta. Tuairiscíonn an Coimisiún ar bhonn bliantúil ar mar a chomhlíonadh na feidhmeanna sin sa bhliain roimhe. Chomh maith leis sin, achoimríonn an coimisiún a chuid moltaí straitéiseacha meán-treimhse i leith chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

I leith airgeadais

Tuairiscí agus Cuntais

Táirgeann feidhm airgeadais an Choimisiúin mionchuntais bainistíochta ar bhonn míosúil agus miontuairiscí easaontais buiséid ar bhonn míosúil, a gcuirtear faoi bhráid gach Cinn Feidhme. Tá an Coimisiún faoi réir iniúchtha ag an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste.

Torthaí Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2003

I rith 2004, rinne an tArd-Reachtaire Cuntais agus Ciste iniúchadh ar na ráitis airgeadais um 2003 agus cuireadh chun an Aire iad lena leagan faoi bhráid thithe an oireachtais, de réir Cuid 26(b) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Leagadh na cuntais seo ar 6 Deireadh Fómhair, 2004.

Iniúchadh inmheánach

“...tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an gCoimisinéir, a bhfuil gnása soiléir feidhmiúcháin agus tuairisciú ... ag baint leis...”

Mar a luaitear inár Ráiteas Stiúrtha Airgeadais Inmheánaigh chun freagarthacht an Choimisiúin a chomhlíonadh ionnas go gcinntítear géilleadh, tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an gCoimisinéir, a bhfuil gnása soiléir feidhmiúcháin agus tuairisciú, línte freagrachta agus tuairisciú, línte, srianta údaráis, teascanú dualgaisí, agus údarás tiomanta ag baint leis.

Tá creat láidir stiúrtha suite ag an gCoimisiún, a chuimsíonn gach réimse stiúrtha.

I rith 2004, ghaibh an Coimisiún Deloitte orthu mar a n-iniúcháirí inmheánacha ar feadh tréimhse trí bliain. Mar chuid dá bplean iniúchtha inmheánaigh inrioscacht-bunaithe, rinneadh athbhreithniú foirmiúil stiúrtha inmheánacha i 2004. Ba é a dtuairim go raibh creat éifeachtach um stiúradh inmheánach feidhmithe ag an bpearsanra bainistíochta, ach ceisteanna atá luaite ina dtuairisc a bheith áirithe. Tá an pearsanra bainistíochta ag déanamh an riachtanais mar is féidir chun déileáil leis na nithe a tarraingíodh anuas ina dtuairisc.

Géilleadh Cánach

Dlítear IMAT, CBL agus CSSP ar an gCoimisiún. Chuir an coimisiún isteach gach aisfhilleadh ábhartha i 2004 agus tá sé lán-ghéilliúil.

Tobhach

Faoi chuid 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, féadann an Coimisiún rialachán a dhéanamh chun freagairt do na costais a tharraingíonn an Coimisiún air féin ó cheart i gcomhlíonadh a fheidhmeanna de réir an Achta, tré tobhach a ghearradh a fhreagróidh, ach nach rachaidh thar, meastachán dá chostais agus caithimh feidhmíochta. Tá an tobhach seo iníoctha ag a leithéid de chineáil dualgais is a shanrítear ag an gCoimisiún..

Eisíodh treoir dar teideal “Acht um Rialáil Eitlíochta 2001 (Tobhadh Uimh. 5) Treoir 2004” (I.R. Uimh. 722 de 2004) ar 22 Samhain 2004 chun Tobhach an Choimisiúin a chur i bhfeidhm i leith 2005.

Dréacht-ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

Tá dréacht-ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004, atá iniúchtha ag an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste, leagtha amach sna leathanaigh a leanas.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Dréacht-chuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

		Notaí					2004	2003
		Táillí Aerfort	ATSC	Éascú Sceidil	Ceadúnasú	Tionscal an Taistil	€ Iomlán	€
Ioncam								
Admhála Tobhacha	2	2,638,500	66,000	288,000	105,000	-	3,097,500	5,170,564
Táillí Ceadúnas	2	-	-	-	-	420,365	420,365	445,196
Eile		33,892	(21)	(82)	(183)	(1,080)	32,526	21,191
Oll-Ioncam		2,672,392	65,979	287,918	104,817	419,284	3,550,391	5,636,951
Aistriú go/ó Cuntas Caipitil	9	(9,151)	(111)	(444)	(985)	(5,827)	(16,519)	(13,126)
Glan-Ioncam		2,663,240	65,869	287,473	103,832	413,457	3,533,872	5,623,825
Caiteachas								
Tuarastail	3	809,683	12,665	46,117	70,655	369,771	1,308,891	1,215,224
Comhairleacht		399,200	7,692	57,021	46	273	407,233	428,782
Fiacha Díl		149,592	223	893	1,981	11,782	164,472	1,413,076
Fógraíocht & Caidreamh Poiblí		45,848	1,478	10,155	3,874	15,998	77,352	24,566
Taisteal & Cothú		5,032	1,067	1,923	707	1,134	9,863	17,993
Traenáil		15,797	120	481	4,525	7,687	28,611	50,806
Fiacha Iniúchta		4,875	59	237	525	3,104	8,800	8,000
Cothabháil Gréasáin		26,300	317	1,269	3,421	18,314	49,622	29,508
Cíos		187,135	1,864	7,466	11,011	70,178	277,655	272,910
Leictreachas		3,538	43	172	381	2,253	6,387	6,128
Cothabháil Oifige		3,700	45	180	398	2,356	6,679	10,035
Árachas		77,439	771	3,090	4,557	29,040	114,897	117,772
Páipéarachas Oifige		8,584	104	417	924	6,394	16,422	24,232
Post agus Iompar		2,559	28	112	249	1,514	4,462	3,964
Guthán		11,414	121	485	1,076	6,465	19,561	20,728
Spásanna a Leithdháileadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath		-	-	190,336	-	-	247,336	202,924
Titim luach		10,263	124	498	1,105	6,535	18,526	16,026
Táillí Seirbhíse		23,255	232	928	1,368	8,721	34,504	34,782
Rátaí		18,677	186	745	1,099	7,004	27,712	26,294
Eile		42,537	225	1,778	1,961	12,290	58,791	34,087
		1,845,431	27,365	324,302	109,864	580,814	2,887,776	3,957,837
Fuilleach/(Easnamh) Feidhme		817,810	38,504	(36,829)	(6,032)	(167,357)	646,096	1,665,988
larmhéid mar ag 1 Eanáir 2004		1,763,482	(328)	(24,772)	(229,702)	166,388	1,675,069	9,081
Fuilleach Feidhme don Bhliain		817,810	38,504	(36,829)	(6,032)	(167,357)	646,096	1,665,988
larmhéid mar ag 31 Nollaig 2004		2,581,292	38,176	(61,601)	(235,734)	(969)	2,321,165	1,675,069

Níl aon sochmhannaí/caillteanas aitheanta seachas iad siúd atá pléite ins an gCuntas Ioncaim & Caiteachais
Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas Polasaí Cuntasáíochta agus na Notaí 1 go 16

William Prasifka

Coimisinéar

Dáta

Dréacht-Chuntas Cothromaíochta ag 31 Nollaig 2004

	Nótaí	€	2004 €	€	2003 €
Sócmhainní socraithe					
Sócmhainní inláimhithe	4		77,145		60,626
Sócmhainní reatha					
Cuntais Bhainc	5	17,017,786		16,243,139	
Fíochóirí agus Réamhíocaíochtaí	6	2,119,775		531,491	
		19,137,561		16,774,630	
Creidiúnaithe: Méideanna iníoctha faoi cheann bliana					
Cuntais Bhannaí Airgid	5	(14,110,010)	(13,659,836)		
Creidiúnaithe agus Fás	7	(2,706,385)	(1,439,726)		
Glanshócmhainní Reatha			2,321,165		1,675,069
Glanshócmhainní			2,398,310		1,735,695
Maoinithe ag					
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Fuilleach/(Easnamh)			2,321,165		1,675,069
Cuntas Caipitil	9		77,145		60,626
Caipiteal ag Feidhmiú			2,398,310		1,735,695

Cuid de na Ráitis Airgeadais seo ab iad an Ráiteas Polasaí cuntasáíochta agus na Nótaí 1 go 16.

William Prasifka

Coimisinéir

Dáta

Dréacht-Ráiteas Sreafa Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 €	2003 €
Réiteach d'Fhuilleach Feidhmithe le Glan-sní			
Airgid Isteach/Amach ó Ghníomhaíocht Oibrithe			
Fuilleach/(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas		646,096	1,665,988
Dímheas		10,500	15,667
Ús bainc		(33,538)	(23,445)
Aistriú (ó)/go Caipitil		16,519	13,126
Maolú/(Fás) i bhFiachóirí		(1,611,707)	(284,931)
Maolú/(Fás) i Réamhíocaíochtaí		23,423	(58,650)
(Maolú) /Fás i gCreidiúnaithe		(49,526)	565,264
(Maolú)/ Fás i bhFásanna		1,316,186	(163,329)
		<hr/>	<hr/>
Glan-Sní Airgid Isteach/(Amach) ó Ghníomhaíochtaí Oibrithe		317,953	1,729,690
		<hr/>	<hr/>
Ráiteas Sní Airgid			
Glan-Sní Airgid Isteach/(Amach) ó Ghníomhaíochtaí Oibrithe			
		317,953	1,729,690
Aisfhilleadh ar Infheistíochtaí			
Ús Bainc		33,538	23,445
Caiteachas Caipitil			
Ceannach Sócmhainní Socraithe		(27,018)	(28,794)
Maoiniú			
Fás i gCuntais Bhannaí Airgid & TPF		450,174	4,470,054
Bainistiú Acmhainne So-Aistrithe			
Fás i Maoin i dTaisce		(435,585)	(2,421,147)
		<hr/>	<hr/>
Fás/ (Maolú) i gCothromaíocht Airgid		339,062	3,773,248
		<hr/>	<hr/>
Réiteach Glan-Sní Airgid le hAthrú i nGlan-Mhaoin			
Fás / (Maolú) in Airgead ar Láimh sa Tréimhse		339,062	3,773,248
Airgead in Úsáid chun Cur le hAcmhainn So-Aistrithe		435,585	2,421,147
		<hr/>	<hr/>
Athrú i nGlan-Mhaoin	11	774,647	6,194,395
		<hr/>	<hr/>
Glan-Mhaoin Thosaigh		16,243,139	10,048,744
		<hr/>	<hr/>
Glan-Mhaoin ar Deireadh		17,017,786	16,243,139

Cuid de na Ráitis Airgeadais seo ab iad an Ráiteas Polasaí cuntasáíochta agus na Nótaí 1 go 16.

William Prasifka

Coimisinéir

Dáta

Aguisín 1 Páipéirí eisithe ag an gCoimisiún 2004

Uimhir	Dáta eisithe	Teideal
CP 01/2004	23ú Márta 2004	Ráiteas um Chomhlíonadh Sealadach 2002/03 agus Praghasteorainneacha 2003/04 de Mhuirir Seirbhísí Críochfoirt Eitlíochta
CP 02/2004	26ú Márta 2004	Uasleibhéil Muirear Aerfoirt Athbhreithniú ar an gCinneadh faoi Uasleibhéil Muirear Aerfoirt agus Tuarascáil Fógra Dearmaid maidir le CP2/2004 Athbhreithniú ar an gCinneadh faoi Uasleibhéil Muirear Aerfoirt agus Tuarascáil
CP 03/2004	8ú Aibreáin 2004	Uasleibhéil Muirear Seirbhísí Críochfoirt Eitlíochta Fógraíonn an Coimisiún an rún atá acu athbhreithniú a dhéanamh ar Chinneadh 2002 faoi Uasleibhéil Muirear Seirbhísí Críochfoirt Eitlíochta
CP 04/2004	29ú Aibreáin 2004	Athbhreithniú ar an gCinneadh faoi Uasleibhéil Muirear Seirbhísí Críochfoirt Eitlíochta agus Tuarascáil
CP5/2004	17ú Lúnasa 2004	Comhairliúchán faoi Chur i bhFeidhm Cheanglais Ionstraim Reachtúla Uimh. 505 de 1998 – Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar an Margadh Láimhsithe in Aerfoirt an Phobail*) 1998.
CP6/2004	1ú Deireadh Fómhair 2004	Próiseas i dtreo Cinnte Nua faoi Mhuirir Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhaint amach
CP7/2004	1ú Deireadh Fómhair 2004	Comhairliúchán faoi dhéanamh Cinnte Nua faoi Mhuirir Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
CP8/2004	6ú Deireadh Fómhair 2004	Táillí Rochtana ar Shuiteálacha Aerfoirt
CP9/2004	22ú Nollaig 2004	Tátail an Choimisiúin ar thionchar na leasuithe a rinne Acht na nAerfort Stáit 2004 ar an Acht um Rialáil Eitlíochta 2001
CP10/2004	23ú Nollaig 2004	Ráiteas um Chomhlíonadh Bliantúil